An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht

FÍS AMHÁIN STÁTSEIRBHÍS

Díospóireacht oscailte ar pholasaí faoin Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030

Teimpléad le haghaidh aighneachtaí

Beidh an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* cúig bliana ar an bhfód ag deireadh na bliana seo. Sa chomhthéacs sin, tá sé i gceist díospóireacht oscailte ar pholasaí faoin Straitéis a eagrú.

Is í an aidhm atá leis an díospóireacht seo ná breathnú siar ar an méid atá déanta faoin Straitéis le cúig bliana anuas agus breathnú chun tosaigh ar na tosaíochtaí faoin Straitéis don tréimhse cúig bliana atá romhainn. Ag eascairt as an bpróiseas comhairliúcháin a reáchtálfar faoin díospóireacht seo, beifear ag súil na príomhthosaíochtaí straitéiseacha don tréimhse cúig bliana ó 2016 ar aghaidh a aithint agus a fhoilsiú.

Táthar ag díriú ar shaincheisteanna straitéiseacha ar leith chun fócas a thabhairt don phróiseas comhairliúcháin atá á reáchtáil mar chuid den díospóireacht oscailte ar pholasaí. Tugtar cuireadh duit do thuairimí a nochtadh fúthu ar an teimpléad seo.

Iarrtar ort an teimpléad comhlánaithe a sheoladh chuig s20plepoibli@ahg.gov.ie nó chuig Seán Ó Grifín, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe tráth nach déanaí ná **17.30 i.n. ar 18 Nollaig 2015.**

Is gá an leathanach cumhdaigh thíosluaite a chur ar ais in éineacht leis an aighneacht.

Sonraí an Fhreagróra

Ainm	**Ursula Ní Shabhaois**
Post (más infheidhme)	**Feidhmeannach Taighde agus Anailíse**
Eagraíocht (más infheidhme)	**Conradh na Gaeilge**
Seoladh Poist	**Conradh na Gaeilge** **6 Sráid an Fhearachair** **Baile Átha Cliath 2**
Teileafón	01 4757401
Seoladh Ríomhphoist	**ursula@cnag.ie**
Dáta	**17.12.2015**

An mbaineann an freagra seo le tuairim phearsanta an fhreagróra nó an bhfuil sé déanta thar ceann na heagraíochta thuasluaite?

Pearsanta [ ] Thar ceann na heagraíochta thuasluaite [*]

An bhfuil tú toilteanach go bhfoilseofar an freagra seo ar shuíomh gréasáin na Roinne www.ahg.gov.ie?

Tá [*] Níl [ ]

Tabhair faoi deara gur féidir leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta eolas faoin aighneacht seo a chur ar fáil d'aon duine a dhéanann iarratas faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 2014.

Saincheisteanna Straitéiseacha

Réimsí Gnímh

1. Cad iad na gníomhaíochtaí sna réimsí gnímh éagsúla a fheictear duit atá ag feidhmiú go héifeachtach? Cén fáth go bhfeictear duit go bhfuil sé sin amhlaidh?

- Tá forbairt bunúsach déanta i roinnt de na réimsí éagsúla den Straitéis ach tá sé rídheacair a rá go bhfuil aon cheann faoi leith ag feidhmiú go héifeachtach go fóill (agus tá seo an-díomách nuair a cuirtear i gcomhthéacs é go bhfuil 5 bliana de thréimhse na Straitéise caite anois). Mar shampla:
  - Tá réamhobair maith déanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna le Polasaí Oideachas Gaeltachta a fhorbairt ach níl an leagan deiridh foilsithe agus acmhainní geallta leis an bpolasaí a fheidhmiú go héifeachtach
  - Tá réamhobair maith déanta ag Údarás na Gaeltachta i dtaca leis an phróiseas pleanála teanga sna ceantair Gaeltachta ach níl an maoiniú cuí atá ag teastáil leis na pleananna teanga a chur i bhfeidhm ar fáil do na grúpaí pobail len iad a fheidhmiú go héifeachtach
  - Tá réamhobair maith déanta ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta le deireadh a chur leis an maolú ar úsáid na Gaeilge san Aontas Eorpach (bunaithe ar an sceideal leis an maolú a laghdú idir anois agus 2022 a foilsíodh le déanaí) ach níl an sceideal earcaíocht foirne foilsithe nó á fheidhmiú go héifeachtach go fóill
- ***Ní féidir an cheist seo a fhreagairt i gceart mar gheall ar an easpa eolais atá ar fáil faoi dul chun cinn na Straitéise trí chéile. Níl mórán eolais le fáil sna tuairiscí 5 bliana foilsithe le déanaí ag gach Roinn Rialtais, go háirithe i gcomhthéacs na spriocanna leagtha amach sa Straitéis fhéin (tá roinnt de na tuairiscí <u>5</u> bliana náireach le níos lú ná leath-leathanach mar thuairisc ar an obair déanta – Roinn an Taoisigh san áireamh agus an Taoiseach mar Chathaoirleach ar an Coiste Rialtais atá ag déanamh maoirsiú ar an Straitéis ina iomlán). Ní amháin sin ach cuireadh ceisteanna ar gach Roinn Rialtais ag tús mí na Samhna, mar chuid de taighde neamhspleách ar dul chun cinn na straitéise, maidir leis na spriocanna sonracha sa straitéis a bhain leis na ranna éagsúla agus níor chuir an chuid is mó de na ranna rialtais freagraí de na ceisteanna sonracha ar fáil.***

2. Cad iad na gníomhaíochtaí sna réimsí gnímh éagsúla a fheictear duit nach bhfuil ag feidhmiú go héifeachtach? Cén fáth go bhfeictear duit go bhfuil sé sin amhlaidh?

- Níl Aire Sinsearach ann don Ghaeilge agus don Ghaeltacht leis an straitéis ina iomlán a fheidhmiú go héifeachtach (luaitear ar leathanach 10 den Straitéis go mbeidh Aire sinsearach agus Roinn Rialtais ar a mbeidh lárfhreagracht maidir le cúrsaí Gaeilge fós ann).
- Níl Coiste Oireachtais ann (ar nós an Coiste Oireachtais a phléann le caiteachas airgid poiblí) le cinntiú go bhfuil gach roinn rialtais ag feidhmiú na straitéise go héifeachtach
- Níl an maoiniú cuí atá ag teastáil leis an straitéis a fheidhmiú go héifeachtach á chur ar fáil ag an Rialtas (a mhalairt de sin atá fíor mar go bhfuil an Rialtas tar éis buiséid Fhoras na Gaeilge, Údarás na Gaeltachta agus Roinn na Gaeltachta fhéin a scrios le roinnt blianta anuas)
- ***Ní féidir an cheist seo a fhreagairt i gceart mar gheall ar an easpa eolais atá ar fáil faoi dul chun cinn na Straitéise trí chéile. Níl mórán eolais le fáil sna tuairiscí 5 bliana foilsithe le déanaí ag gach Roinn Rialtais, go háirithe i gcomhthéacs na spriocanna leagtha amach sa Straitéis fhéin (tá roinnt de na tuairiscí <u>5</u> bliana náireach le níos lú ná leath-leathanach mar thuairisc ar an obair déanta – Roinn an Taoisigh san***

áireamh agus an Taoiseach mar Chathaoirleach ar an Coiste Rialtais atá ag déanamh maoirsiú ar an Straitéis ina iomlán). Ní amháin sin ach cuireadh ceisteanna ar gach Roinn Rialtais ag tús mí na Samhna, mar chuid de taighde neamhspleách ar dul chun cinn na straitéise, maidir leis na spriocanna sonracha sa straitéis a bhain leis na ranna éagsúla agus níor chuir an chuid is mó de na ranna rialtais freagraí de na ceisteanna sonracha ar fáil.

- Tá an liosta de na gnímh nach bhfuil ag feidhmiú go héifeachtach an-fhada agus níl an liosta thíos in aon slí cuimsitheach:
    - Tá easpa maoinithe ar fáil d'ábhair oidí chun tréimhsí foghlama a chaitheamh sa Ghaeltacht. Is gá do na hábhair oidí féin anois costais na dtréimhsí sin a íoc agus cuireann sé sin isteach ar a ndearcadh i leith na Gaeilge
    - Níl seirbhísí sásúil á chur ar fáil ón stát trí Ghaeilge
    - Ní leor an 6% do dhaoine inniúil sa Ghaeilge in earcaíocht an stáit. Is gá sin a ardú go 30% sa cheád 10 mbliain eile (rud a shábhlfaidh airgid ar an stát)
    - Níl aon fhianaise ann go bhfuil scileanna teanga na ndaltaí ag dul i bhfeabhas ó cuireadh an siollabas athbhreithnithe i bhfeidhm don ardteist.
    - Tá imní ann nach bhfuil torthaí an athbhreithnithe a leagadh amach i rannóg 1.4.4 de Phlean Forfheidhmithe na Roinne Oideachais ar fáil go fóill.
    - Níl fianaise ann go bhfuil dul chun cinn déanta fós ar an oideachas páirt-tumtha i nGaeilge in ábhair eile do dhaltaí i scoileanna Béarla, a luaitear mar aidhm sa straitéis
    - Tá easpa comhfhreagracht sna ranna maidir le seirbhísí ó fhochonraitheoirí ar nós Capita Ireland le Eircode agus Dublin Bikes. Ba cheart go mbeadh an Ghaeilge san áireamh in aon chritéir do sheirbhís ó chonraitheoir amach anseo
    - Cuirtear an freagracht ar ais chuig Roinn na Gaeltachta i gcónaí nuair is gá seirbhís / dualgais Gaeilge a chur ar fáil mar chuid de thionscadal nua – ar nós Eircode. Nil seo sásúil

<u>Is gá taighde neamhspleách leis an gceist seo a fhreagairt i gceart.</u>

3. Cad iad na céimeanna a fheictear duit is gá a thógáil chun gur féidir na gníomhaíochtaí ag uimhir 2 thuas a chur i gcrích?

- Is gá Aire Sinsearach don Ghaeilge agus don Ghaeltacht leis an straitéis ina iomlán a fheidhmiú go héifeachtach (mar a luaitear ar leathanach 10 den Straitéis)
- Is gá Coiste Oireachtais (ar nós an Coiste Oireachtais a phléann le caiteachas airgid poiblí) le cinntiú go bhfuil gach roinn rialtais ag feidhmiú na straitéise go héifeachtach
- Is gá don Rialtas an maoiniú cuí atá ag teastáil leis an straitéis a fheidhmiú go héifeachtach a chur ar fáil. Tá breis is 70 grúpa Gaeilge agus Gaeltachta ag moladh plean infheistíochta de €18 milliúin a chuirfidh cuid mhaith den straiteis i gcríoch agus a chruthóidh breis is 1,160 post (tá Údarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge ag tacú leis na moltaí a bhaineann leo sa phlean seo)
- Is gá Polasaí Oideachas Gaeltachta atá láidir agus éifeachtach a chur i bhfeidhm i gceantair Gaeltachta leis na hacmhainní cuí san áireamh
- Is gá sceideal earcaíochta a fhoilsiú agus a fheidhmiú le deireadh a chur leis an mhaolú san Aontas Eorpach
- ***Ní féidir an cheist seo a fhreagairt i gceart mar gheall ar an easpa eolais atá ar fáil faoi dul chun cinn na Straitéise trí chéile. Níl mórán eolais le fáil sna tuairiscí 5 bliana foilsithe le déanaí ag gach Roinn Rialtais, go háirithe i gcomhthéacs na spriocanna leagtha amach sa Straitéis fhéin (tá roinnt de na tuairiscí <u>5</u> bliana náireach le níos lú ná leath-leathanach mar thuairisc ar an obair déanta – Roinn an Taoisigh san áireamh agus an Taoiseach mar Chathaoirleach ar an Coiste Rialtais atá ag déanamh maoirsiú ar an Straitéis ina iomlán). Ní amháin sin ach cuireadh ceisteanna ar gach Roinn Rialtais ag tús mí na Samhna, mar chuid de taighde neamhspleách ar dul chun cinn na straitéise, maidir leis na spriocanna sonracha sa straitéis a bhain leis na ranna éagsúla agus níor chuir an chuid is mó de na ranna rialtais freagraí de na ceisteanna sonracha ar fáil.***

4. Cad iad na moltaí atá agat chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí poiblí i nGaeilge?

Is gá Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a láidriú le feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí poiblí i nGaeilge. Chuige sin moltar:

- Ba chóir go mbeadh sé mar fhoráil nua san Acht go mbeidh faoi dheireadh 2018 gach seirbhís ar fáil do phobal na Gaeltachta trí Ghaeilge agus na seirbhísí sin a bheith ar chomhchaighdeán leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil trí Bhéarla in áiteanna eile
- Moltar go leasófar an reachtaíocht sa chaoi is go mbeidh oibleagáid ar chomhlachtaí poiblí ar a laghad 30% d'fhostaithe nua sa státseirbhís fostaithe don chéad 10 mbliana eile a bheidh in ann cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal trí Ghaeilge i scríbhinn nó le post leictreonach (dá ndéanfaí an beart seo bheadh ciorrú ar an gcaiteachas ar sheirbhísí aistriúcháin chomh maith).
- Ba chóir fáil réidh le córas na scéimeanna agus córas nua a fhorbairt le caighdeáin bunaithe ar rialacháin reachtúla, cosúil leis Na Rialacháin um Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (ALT 9) 2008, nó an córas caighdeáin atá bunaithe acu sa Bhreatain Bheag
- Ba chóir gach foirm chlóite nó leictreonach a mbainfeadh an pobal úsáid as curtha ar fáil go dátheangach leis an nGaeilge agus an Bhéarla taobh le taobh faoi aon chlúdach amháin (réiteodh seo an fhadhb nach mbíonn foirmeacha Gaeilge ar fáil in oifigí stáit agus thabharfadh sé deis agus spreagadh don phobal ar fad foirmeacha a líonadh as Gaeilge más mian leo)
- Ba chóir suíomhanna gréasáin a bheith datheangach ina iomlán
- Ba chóir an Ghaeilge a úsáid ar na meáin shóisialta a bhaineann leis an Stáit
- Ba chóir go mbeadh sé riachtanach d'aon scéim nó aon chóras caighdeán go mbeidh ar an gcomhlacht poiblí a bheith gníomhach ag cur in iúl don phobal na seirbhísí as Gaeilge atá ar fáil uathu
- Ní foláir Rialacháin a dhéanamh chun an Sceideal seo a thabhairt cothrom le dáta nuair a thagann athrú ar stádas comhlachtaí poiblí
- Sa chás go gceapann nó go n-údaraíonn comhlacht poiblí cuideachta phríobháideach nó gníomhaireacht de chineál ar bith eile le feidhmiú thar a cheann agus é ag déileáil leis an bpobal ba chóir go mbeadh na dualgais chéanna acu is atá ag an gcomhlacht poiblí le seirbhís a chur ar fáil trí Ghaeilge don fheidhm a cheapfar iad a chur i gcrích ar son an chomhlachta phoiblí, m.sh Dublin Bikes
- Ba chóir go dtiocfadh aon chomhlacht gur leis an stát é ina iomlán nó cuid de (bainc, comhlachtaí leath-stáit, srl. san áireamh) nó aon chomhlacht a fhaigheann ceadúnas ón stát le gníomhú sa tír (ní chosnóidh seo airgead ar an Stát) faoin Acht
- Ba chóir go mbeadh ainm gach comhlacht poiblí nua atá le teacht ar an bhfód as Gaeilge agus úsáidte go poiblí as Gaeilge. Chuirfeadh seo go mór le stádas na Gaeilge gan aon chostas sa bhreis, mar shampla bhí sé de cheart an teideal "Uisce Éireann" a úsáid seachas "Irish Water".
- Tá lógó comhlachta lárnach d'íomhá an chomhlachta sin. Ba cheart deireadh a chur le heisceacht a dhéanamh de lógónna comhlachtaí poiblí sna rialacháin agus féachaint chuige go mbeidh an Ghaeilge chomh feiceálach ar gach lógó nua comhlachta poiblí feasta.
- Ba chóir go mbeadh rialacháin ann maidir le fógraíocht, m.sh. ba chóir go mbeadh 20% den fhógraíocht déanta ag comhlachtaí poiblí sna meáin déanta sna meáin Ghaeilge
- Ba chóir foráil a chur isteach go mbeidh ar chomhlachtaí lipéid ar earraí díolta in Éirinn a bheith i mBéarla agus i nGaeilge, ar nós na foláirimh sláinte ar phacáistí tobac. Ní chosnódh seo airgead ar an stát.

5. Cad iad na moltaí atá agat chun feasacht teanga an phobail, státseirbhísigh agus seirbhísigh phoiblí i leith na Gaeilge a fheabhsú?

- Cúrsa feasachta do gach stát seirbhíseach
- 'An tairiscint gníomhach' den seirbhís as Gaeilge a chur ar fáil don phobal ó gach roinn rialtas le haghaidh gach seirbhís ón stát

Cur i bhfeidhm

6. Cad í do thuairim maidir leis na struchtúir atá ann chun an Straitéis a chur i bhfeidhm?

1. Coiste Rialtais ar an nGaeilge agus ar an nGaeltacht, leis an Taoiseach mar chathaoirleach air, atá ag déanamh maoirseachta ar an dul chun cinn faoin Straitéis
   Níor léir dúinn go bhfuil aon dul chun cinn nó maoirseachta ag dul ar aghaidh ag an gcoiste Rialtais. Níl aon tuairisc nó eolas curtha ar fáil agus níor bhuail an Coiste Rialtais leis na geallshealbhóirí – bearna ollmhór idir an gCoiste Rialtais agus an Rialtas

2. Grúpa Idir-Rannach, leis an Aire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta mar chathaoirleach air, atá ag comhordú cur i bhfeidhm na Straitéise
   Níl aon eolas againn ar an gCoiste seo. Ba chóir go mbeadh ionadaíocht ann ón bpobal sa ghrúpa seo, ar nós atá molta don Aonad Straitéise ó thuaidh sa Straitéis 20 bliain don Ghaeilge nua ann

3. Coiste Comhairleach, leis an Aire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta mar chathaoirleach air, atá ag tacú le cur i bhfeidhm na Straitéise trí struchtúr atá ionadaíoch ar na heagraíochtaí éagsúla Gaeilge agus Gaeltachta;
   Is maith e gur bunaíodh an Grúpa ach níl sé ag feidhmiú go sásúil faoi láthair. Níl na cruinnithe rialta gach 3 mhí mar a gealladh. Ba chóir go mbeadh cathaoirleach neamhspleách ar an gCoiste Comhairleach mar nach bhfuil sé cothrom ar an Aire Stáit agus na cúraimí ar fad atá air cheana féin go mbeadh ar an gcúram breise seo a ghlacadh. Tuigeann muid gur gá dó a bheith ar fáil le hobair an Rialtais a dhéanamh go leanúnach agus go bhfeadfadh an cúram nua seo cur as den obair sin. Chomh maith leis sin táimid ag súil go mbeidh an Coiste Comhairleach ann do thréimhse na Straitéise agus chinnteodh cathaoirleach neamhspleách leanúnachas don choiste nuair a athróidh Airí ó am go ham agus is gnáthchleachtas é cathaoirleach neamhspleách a bheith ar choistí cosúil leis seo, ar nós an Choiste 2020 sa Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia.

4. Grúpaí Oibre Ardleibhéil le páirtithe leasmhara ar leith atá ag plé le cur i bhfeidhm réimsí gnímh ar leith den Straitéis, mar atá:
   a) Grúpa oibre idir an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG), Foras na Gaeilge agus Údarás na Gaeltachta maidir le réimse gnímh an oideachais faoin Straitéis;
      Aithníonn muid agus moltar an obair déanta ag an ngrúpa oibre seo don oideachas sa Ghaeltacht go fóill ach bheadh amhras orainn faoin nGaeilge sa chóras oideachais lasmuigh den Ghaeltacht. Ba chóir go mbeadh ionadaíocht ón bpobal ar an gcoiste seo chomh maith.
   b) Grúpa oibre idir an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge chun comhordú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Straitéise mar a bhaineann sé leo agus ar chur i bhfeidhm an phróisis pleanála teanga faoi Acht na Gaeltachta 2012;
      Ba chóir go mbeadh ionadaíocht ón bpobal ar an gcoiste seo chomh maith.
   c) Grúpa oibre idir an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta maidir le hinfheistíocht fiontraíochta sa Ghaeltacht
      Níl aon eolas againn ar obair an Choiste seo. Ba chóir go mbeadh ionadaíocht ón bpobal ar an gcoiste seo chomh maith.

Ní féidir an cheist seo a fhreagairt i gceart mar gheall ar an easpa eolais. Lorgaíodh miontuairiscí na gcruinnithe de na coistí thuas mar chuid de taighde neamhspleách ar dul chun cinn na straitéiseach níor cuireadh ar fáil iad.

7. Cad iad na moltaí atá agat chun gníomhaíochtaí ábhartha na Straitéise a chur i bhfeidhm ar fud an Státchórais?

- Is gá Aire Sinsearach don Ghaeilge agus don Ghaeltacht, le Gaeilge, chun go mbeidh gníomhaiochtaí na straitéise curtha chun cinn ag an mBord Rialtais go leanúnach. Is gá Aire sinsearach a bheith ann chun idirbheartaíocht a dhéanamh le hAiri sinsearacha eile len a ndualgas faoin straitéis a chur i bhfeidhm.

- Chomh maith leis sin, is gá Comhchoiste Oireachtais seasta don Ghaeilge agus don Ghaeltacht ar comhchéim leis na Comhchoistí Oireachtais eile le cinntiú go mbeidh gach roinn rialtais ag feidhmiú ar chur i bhfeidhm na straitéise go sásúil. Cabhróidh seo leis na gníomharthaí straitéise a bhaint amach mar go mbeidh an Comhchoiste ag coinneáil súil ar an gcur i bhfeidhm.

8. Cad iad na moltaí atá agat maidir leis an bpróiseas pleanála teanga faoi Acht na Gaeltachta 2012 a chur i bhfeidhm ar bhonn comhordaithe?

- Is gá don Rialtas an maoiniú cuí a chur ar fáil leis na dulagais pleanála teanga san áireamh in Acht na Gaeltachta 2012 a chur i bhfeidhm. Tá breis is 70 grúpa Gaeilge agus Gaeltachta ag moladh plean infheistíochta de €18 milliúin a chuirfidh cuid mhaith den phleanáil teanga i gcríoch (tá Údarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge ag tacú leis na moltaí a bhaineann leo sa phlean seo). San áireamh sna molta sin tá 2.3 milliúin euro luaite don phleanáil teanga sa Ghaeltacht, sna líonraí Gaeilge agus sna bailte seirbhíse Gaeltachta chun:
  - cur ar chumas na grúpaí atá i mbun na pleanála teanga sa phobal bainisteoirí teanga lánaimseartha a fhostú agus clár oibre a chur i gcríoch.
  - maoiniú breise a chur ar fáil do na heagraíochtaí pobalbhunaithe sa Ghaeltacht chun iad a chumasú na pobail a bhuanú agus a láidriú – cuid bhunúsach d'inmharthanacht na Gaeltachta.

  Tá maoiniú eile san áireamh sa phlean le tacú leis an bpleanáil teanga ar go leor leibhéal eile, m.sh. le lárionaid Gaeilge a thógáil, srl..

- Tá tacaíocht ag teastáil chomh maith ó gach eagraíocht & Roinn Stáit a chinntiú don chóras pleanála teanga trí chomhordú comhtháite a bheith déanta faoi stiúir Aire Gaeltachta Sinsearach.

Tosaíochtaí

9. Cad iad na gníomhaíochtaí sna réimsí gnímh éagsúla a fheictear duit gur chóir tosaíocht a thabhairt dóibh don tréimhse cúig bliana atá romhainn?

- Is gá an plean infheistíochta don Ghaeilge agus don Ghaeltacht aontaithe ag breis is 70 grúpa (Foras na Gaeilge agus Údarás na Gaeltachta san áireamh sna moltaí a bhaineann leo) a mhaoiniú.

10. Ag tógáil san áireamh na hacmhainní srianta atá ann, cén ord tosaíochta a thabharfá do ghníomhaíochtaí ar leith don tréimhse cúig bliana atá romhainn?

- Is gá an plean infheistíochta don Ghaeilge agus don Ghaeltacht aontaithe ag breis is 70 grúpa (Foras na Gaeilge agus Údarás na Gaeltachta san áireamh sna moltaí a bhaineann leo) **a mhaoiniú ina iomlán**.

Tá an t-airgead ag an Rialtas.